



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preas Ráiteas Press Statement

Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh, Ráithe 3 2011

LÁNCHOSC: Ná scaoiltear roimh 11rn, 12ú Nollaig 2011

Achoimre ar thortháí ceannlíne – R3 2011

| Príomhthortháí R3 2011 | Iúil - Meán Fómhair 2011 | Athrú bliantúil |
|------------------------|--------------------------|-----------------|
| Fostaithe | 1,805,500 | -46,000 |
| Dífhostaithe | 314,700 | +15,700 |
| Sa Lucht Saothair | 2,120,300 | -30,200 |
| Níl sa Lucht Saothair | 1,387,500 | +25,300 |

Líon na nDaoine i bhFostaíocht

- Tháinig laghdú bliantúil 2.5% nó 46,000 ar fhostaíocht sa bliain go dtí an tríú ráithe de 2011, ag tabhairt líon iomlán na ndaoine fostaithe go 1,805,500. Tá sé seo i gcomparáid le laghdú bliantúil de 2.0% ar fhostaíocht sa ráithe roimhe sin agus laghdú 3.7% sa bliain go dtí R3 2010.
- Ar bhonn coigeartú séasúrach, tháinig laghdú 20,500 (-1.1%) ar fhostaíocht sa ráithe. Leanann an méid sin laghdú coigeartaithe séasúraigh de 4,100 (-0.2%) ar fhostaíocht i R2 2011.

Líon na nDaoine Dífhostaithe

- Mhéadaigh dífhostaíocht faoi 15,700 (+5.3%) sa bliain go R3 2011. Tugann sé seo líon iomlán na ndaoine dífhostaithe go 314,700, le dífhostaíocht fireann ag 206,200 agus dífhostaíocht baineann ag 108,600.
- Tháinig méadú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí ó 6.5% go 8.4% i rith na bliana go R3 2011. B'ionann dífhostaíocht fhadtéarmach agus 56.3% den dífhostaíocht iomlán i R3 2011.
- Tháinig méadú ar an ráta dífhostaíochta coigeartaithe go séasúrach ó 14.2% go 14.4% i rith na ráithe.

Lucht Saothair

- Bhí líon iomlán na ndaoine sa lucht saothair sa tríú ráithe den bliain 2011 cothrom le 2,120,300, arb ionann sin agus laghdú 30,200 (-1.4%) i gcaitheamh na bliana.

Le haghaidh a thuilleadh faisnéise dean teagmháil le
Brian Ring ag 021-453 5747 nó Martina O'Callaghan ag 021-453 5491
Facs 021 453 5492
R-phost labour@cso.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

12 Nollaig 2011

– CRÍOCH –

Information Section
Central Statistics Office, Skehard Road, Cork

Tel 021 453 5000 Fax 021 453 5555
01 498 4000 Website www.cso.ie
LoCall 1890 313 414 Email information@cso.ie

Roinn Eolas
An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceicche Airde, Corcaigh

Tel 021 453 5000 Fax 021 453 5555
01 498 4000 Suíomh Gréasáin www.cso.ie
Glaobh Áitúil 1890 313 414 Ríomhphost information@cso.ie